

22 Meán Fómhair 2011

Cuireann Gluaiseacht an Phobail fáilte roimh an nglaoch múscailte san *Irish Times* ar maidin ag sé bhall is fiche den Oireachtas agus feisire Eorpach amháin ag tabhairt foláirimh faoi impleachtaí na geallúna atá á tabhairt, is cosúil, ag an rialtas i dtaobh tuilleadh cómhtháthaithe Eorpaigh. Aontaíonn muid ar fad lena n-éileamh go gcuirfí an scéal os comhair an phobail i reifreann.

Is cóir don rialtas an fhírinne a insint leis an bpobal maidir leis an gConradh um Ghléas Cobhsaíochta na hEorpa. Nuair a shínigh an t-aire airgeadais, Michael Noonan, an Conradh seo i mí Iúil seo caite, chuir sé iachall ar an stát aon mhíle déag milliún euro a chur isteach sa gciste do limistéar an euro ó 2013 is ar aghaidh, go neamhcúlghairithe is gan choinníoll. Agus tá féidearthacht láidir ann go ndéanfaí tuilleadh éilithe ar airgead sa todhchaí.

Is cóir do Fhianna Fáil freisin míniú cén fáth go dtacaíonn siad de réir chosúlachta le beartas an rialtais; agus le leasaithe ar chonarthaí de chuid an Aontais Eorpaigh a cheadaíonn don seacht stát déag i limistéar an euro buan-chiste taosctha a bhunú ó 2013 ar aghaidh. Tiocfaidh an ciste nua seo in áit an chiste reatha taosctha a bunaíodh i mí Aibreáin na bliana seo caite le haghaidh na Gréige is a bhain le hÉirinn agus leis an bPortaingéil ina dhiaidh sin.

Tá sé réasúnta, i bhfianaise staid na heacnamaíochta in Éirinn, go mbeadh an pobal ar an eolas faoin gcostas iomlán agus faoi na himpleachtaí ar fad a bhaineann leis seo. Ón tús beidh sé riachtanach €1.27 míle milliún a fháil ar iasacht le n-íoc isteach sa gciste, agus tá lucht molta an phlean seo sásta is cosúil go n-íocfadh muid €11.1454 míle milliún ar fad sa deireadh.

Cén barántas atá ann go dtiocfaidh aon leas chun na tíre seo dá bharr?

Freisin, dá bhfaigheadh an stát aon chúnamh ón gciste seo níl aon teora ar na dian-choinníollacha go bhféadfaí ceangal leis toisc go dtugann an Conradh túsáite go foirmeálta do leas limistéar an euro ina iomlaine thar leas na hÉireann. Séard a bheadh ann ná réimeas iomlán déine ar feadh na mblianta.

Agus cé chuige an leas? Ní chuig muintir na hÉireann é cinnte.

Eolas: Aengus Ó Snodaigh TD – 087 9786999